2026/503

23.4.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/503 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Aibreán 2026

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise s an fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide, ba cheart triúr daoine dlítheanacha a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/642/oj.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i roinn ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)’:

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘59.	Volat-Sanjiang Joint Limited Liability Company	Совместное общество с ограниченной ответственностью “Волат-Санцзян”	Seoladh: 220070 Poblacht na Bealarúise, Mionsc, Budennogo str. Budennogo, 1A/7, office 20 An cineál eintitis: Comhfhiontar Cláruimhir: 191299395 Dáta clárúcháin: 24.3.2010	Is comhfhiontar Bealarúiseach arna chomhchruthú ag Minsk Wheel Tractor Plant é Volat-Sanjiang Joint Venture Limited Liability Company. Táirgeann sé fonnadh rothach le haghaidh trealamh míleata, lena n-áirítear córais ilteilgin roicéad arna monarú ag Minsk Wheel Tractor Plant. Dá bhrí sin, tá Volat-Sanjiang Joint Venture Limited Liability Company mar chuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise agus tacaíonn sé leis trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
60.	CJSC Belarusian Oil Company (BelOil) (BNK)	ЗАО Белоруская нефтяная компания (БНК)	Seoladh: 4A-305, Leshchinsky Street, 220140, Mionsc, Poblacht na Bealarúise An cineál eintitis: Cuideachta comhstoic dúnta Láthair an chláraithe: Poblacht na Bealarúise Dáta clárúcháin: 17.5.2007 Cláruimhir: 190832326 Príomhionad gnó: Poblacht na Bealarúise Eintitis chomhlachaithe: State Production Association “Belorusneft”; Open Joint Stock Company “Naftan”	Is é Belarusian Oil Company (BNK) príomhonnmhaireoir peitriliam na Bealarúise agus tá sé faoi úinéireacht roinnt de na fiontair táirgthe agus scagtha ola is mó i bPoblacht na Bealarúise, lena n-áirítear Belorusneft agus Naftan. Trína struchtúr úinéireachta, tá BNK faoi rialú Rialtas na Bealarúise. Comhaontaíonn Aliaksandr Lukashenka ceapachán a Ard-Stiúrthóra, agus ainmníonn sé freisin an treo inar cheart an chuideachta a stiúradh. Dá bhrí sin, tá baint ag BNK le heintitis a thacaíonn le réimeas Lukashenka agus tá sé faoi úinéireacht agus faoi rialú eintiteas atá freagrach as cos ar bolg a imirt ar shochaí shibhialta na Bealarúise agus a thacaíonn le réimeas Lukashenka.	23.4.2026

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (Litriú Bealarúisise) (Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
61.	China Space Sanjiang Group	Sínis: 中国航天三江集团有限公司	Seoladh: No. 9 Jinshan Avenue, Dongxihu District, Wuhan City, Hubei Province, an tSín	Is é China Space Sanjiang Group comhchruthaitheoir Volat-Sanjiang Joint Venture Limited Liability Company, agus tá sé ar cheann den dá phríomh-chomhpháirtí sa chomhfhiontar sin. Táirgeann Volat-Sanjiang Joint Venture Limited Liability Company fonnadh rothach le haghaidh trealamh míleata, lena n-áirítear córais ilteilgin roicéad arna monarú ag Minsk Wheel Tractor Plant. Dá bhrí sin, tacaíonn China Space Sanjiang Group le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise trí bheith rannpháirteach i bhforbairt agus i dtáirgeadh teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	23.4.2026’.

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/503/oj